GX 896

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCRÚDUITHE AN DARA SEIMEASTAR 2001

SCOIL NA GAEILGE

AN TRÍÚ BLIAIN
AN CEATHRÚ BLIAIN

GAEILGE

AN TRÍÚ PÁIPÉAR

Alan Titley
Séamas Mac Mathúna
Mícheál Mac Craith
Máirín Ní Dhonnchadha

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Cúig cheist le freagairt: **ceist amháin** as Roinn A; **gach ceist** as Roinn B; **ceist amháin** as Roinn C.
Úsáid **freagarleabhar** ar leith do gach roinn.

Roinn A: NG 356 Prós agus Scéalaíocht III (Creidmheas 2.5)
Béaloideas

1 'Ní hionann an ealaín i gcás scéalta béil agus scéalta liteartha agus is mór idir aicmí éagsúla den scéalaíocht bhéil féin.' Pléigh.

2 'Ní gan chúis a tugadh géilleadh do na síscéalta.' Pléigh.

3 Tabhair cuntas ar dhá cheann díobh seo:

a) an traidisiún faoi iarlaisí;
b) an traidisiún faoin mbean sí;
c) an traidisiún faoin leipreachán.

4 'Ní dheachaigh fial riamh go hifreann.' Pléigh an seanfhocal sin i bhfianaise scéalta cráifeacha na Gaeilge.

5 Pléigh an léiriú a thugtar ar Naomh Pádraig i scéalaíocht na tíre seo.

.../

Roinn B: SG 303 Teanga agus Cultúr II (Creidmheas 2.5)
Téacsanna Meán-Ghaeilge

6 Aistrigh an sliocht thíos go Gaeilge an lae inniu:

Ríastarthae imbi-seom i suidiu. Inda lat ba tindorcun as-n-ort cach foiltne inna chenn lasa coméirge con-érracht. Inda lat ba oíbell tened boí for cach óenfhinniu. Íadais indala súil connárbo letha in-daas cró snáthaite. As-oilgg alaili combo móir beólu fidchóich. Do-rig dia glainíni corrici a áu. As-oilg a béolu coa inairdriuch combo ecnae a inchróes. At-recht ina lúan láith assa mulluch.

Benaid fona maccu íarum. Do-scara cóecait macc diib resíu rístais dorus nEmna. Fo-rrumai nónbor diib torom-sa ocus Chonchobor; bámar oc imbirt fhidchille. Lingid-som dano tarsin fidchill i ndegaid ind nónbuir.

7 Scríobh nótaí gramadaí ar chúig cinn de na focail/frásaí sa sliocht thuas.

8 Scríobh cuntas gearr ar thamhain na n-ainmfhocal i ré na Sean-Ghaeilge.

Roinn C: SG 303 Teanga agus Cultúr II (Creidmheas 2.5)
Laoithe Fiannaíochta

9 Tá 'Oisín i ndiaidh na Féinne' ar cheann de théamaí móra na Fiannaíochta. Pléigh tionchar an téama seo ar laoithe Fiannaíochta atá léite agat agus léirigh do fhreagra le tagairtí cuí astu.

10 Cuir 'Laoi Oisín ar Thír na nÓg' i gcomparáid le 'Laoi Cholainn gan Cheann' ó thaobh ábhair agus cúlra de agus agus léirigh do fhreagra le tagairtí cuí as an dá laoi acu.